e-commerce

b2c



Suirbhéireacht Gheolaíocht na hÉireann: Fís Straitéiseach

GSI

Aibreán 2002

Suirbhéireacht Gheolaíocht na hÉireann: Fís Straitéiseach

An Fhís

Cuireann Suirbhéireacht Gheolaíocht na hÉireann (GSI), mar an ghníomhaireacht gheolaíoch náisiúnta, le forbairt inbhuanaithe náisiúnta agus cosaint comhshaoil tríd an eolas geolaíoch is fearr ó bhunachair sonraí náisiúnta geolaíocha atá cuimsitheach agus cothrom le dáta a chur ar fáil do lucht déanta cinntí agus do pháirtithe leasmhara.

Cuspóir

Braitheann forbairt rathúil uirbeach ar eolas geolaíoch maidir le imthosca bunsraithe, cineál agus fairsinge screamhuisce agus suíomh ábhar tógála.

Tá tionchar tábhachtach ag geolaíocht ar shochaí na hÉireann: cruthaíonn an talamh ar a seasaimíd an bhunsraith d'ár mbonneagar, gníomhaíonn sé mar chosán d'aistriú ábhar salaithe, agus tá greanmheallta, mianraí agus acmhainní screamhuisce ann. Dá bhrí sin tá gá le stóras náisiúnta den fhaisnéis agus den eolas geolaíoch atá ar marthain le lucht déanta cinntí a chur ar an eolas, agus tacaíocht a thabhairt dóibh, ag gach leibhéal ó leibhéal áitiúil go leibhéal náisiúnta. Éascaíonn sé sin na hearnálacha cuí agus pleanálaithe úsáid talún na cinntí is fearr a dhéanamh, ag cinntiú go gcuirtear tionscadail chun cinn go héifeachtach agus fós go gcuirtear an gá le bainistíocht inbhuanaithe a dhéanamh ar acmhainní an domhain agus ar ár gcomhshaol san áireamh. Sa bhreis air sin, teastaíonn faisnéis agus eolas faoi gheolaíocht ón bpobal i gcomhthéacs tionscadal forbartha ina gcomharsanacht agus mar chuid de mhian an phobail a bheith ar an eolas faoi oidhreacht agus stair a dtírdhreacha.

Tiomsaítear sonraí geolaíocha go leanúnach ó gnéithe agus nochtadh dromchla, tochaltáin fodhromchla, poill tóraíochta agus toisí geofisiceacha. Faigheann an GSI cion díobh go díreach, ach faightear an chuid is mó díobh ó fhoinsí seachtracha. Soláthraíonn an GSI, mar stór ainmnithe na Cartlainne Náisiúnta, an stóras seo d'eolas agus d'fhaisnéis gheolaíoch. Is é croífheidhm an GSI an méid *sonraí* geolaíocha agus is féidir a fháil agus a chinntiú go bhféadfar úsáid a bhaint as gach mír sonraí trína gcur i gcomhthéacs agus ar an gcaoi sin iad a thiontú isteach ina *bhfaisnéis*. Is feidhm thábhachtach eile den GSI na sonraí atá ar fáil a mhéadú tuilleadh trí shaineolas foirne a úsáid le *faisnéis* a thiontú isteach ina *léarscáileanna geolaíocha eolasbhunaithe* agus ina dtuarascálacha. Óna shuíomh laistigh den rialtas, tá ar a chumas an fhaisnéis agus an t-eolas seo a sholáthar ar bhealach oibiachtúil, ildisciplíneach, caighdeánaithe go náisiúnta agus lánpháirtithe go náisiúnta.

Ar an gcaoi sin, cuireann an GSI le forbairt inbhuanaithe ár n-acmhainní domhanda agus le cosaint ár gcomhshaoil, ar feabhas ar úsáid talún agus ar chinntí pleanála a deireadh. Ar chomhchéim leis sin, soláthraíonn an GSI meas agus feasacht mhéadaithe ar gheolaíocht, ar na próisis gheolaíochta agus ar an ról a bhíonn acu ina dtionchar ar ár saol ó lá go lá, chomh maith leis an saol sin a fheabhsú.

Spriocanna Straitéiseacha Corparáideacha

Tá cúig mhórsprioc fhadtréimhseacha ag an GSI. Cinnfear baint amach na spriocanna sin trí Ráiteas Straitéise treas-bhliantúil. Tá pleananna agus clochmhílte níos mionsonraithe le fáil i bPlean Gnó bliantúil an GSI, a chuireann a fhís straitéiseach, forbairtí ábhartha i sochaí na hÉireann agus na srianta oibríochtúla faoina bhfeidhmíonn an GSI san áireamh.

1) FAISNÉIS GHEOLAÍOCH CHRUINN AGUS A MBEADH ROCHTAIN ÉASCA UIRTHI A CHUR AR FÁIL

Is é a cuspóir ná forbairt agus athbhreithniú leanúnach na gcóras a bhaineann an sochar is fearr as láimhsiú sonraí, fíorú sonraí agus soláthar faisnéise chuig custaiméirí inmheánacha agus seachtracha araon.

Príomh-Tháirgeachtaí

- An cumas táirgí úsáideacha a tháirgeadh trí thacair sonraí a chónascadh agus forluí a dhéanamh orthu.
- An acmhainneacht mhéadaithe idirghníomhú le custaiméirí agus freastal ar a riachtanais níos tapa agus níos cruinne.
- Tá an táirgeacht seo á tiomáint ag seirbhís eolais a chlúdaíonn táirgeachtaí caighdeánacha bunachair sonraí, láithreán líonra, taispeántas leabharlainne, díolacháin foilseachán agus feidhmeanna oifige poiblí.
- Forbairt agus cothabháil bhunachar sonraí lárnaithe a stórálann gach faisnéis GSI i gcóras faisnéise geografaí.

Caighdeáin

- Tugann na sonraí stóráilte léiriú cruinn ar na taifid bhunaidh.
- Feidhmeofar tráthúlacht, costas-éifeachtúlacht, ábharthacht agus éascaíocht úsáide, mar a shainmhíníonn suirbhéanna custaiméirí.

Chaith an GSI an chéad 50 bliain, go dtí na 1890daí, ag ullmhú léarscáileanna buncharraige mar iad seo agus tá éileamh mór i gcónaí orthu le taca a thabhairt d'obair ar thionscadail bonneagair, ar chosaint comhshaoil ar fhorbairt acmhainní mianraí.

2) TACAÍOCHT D'FHORBAIRT INBHUANAITHE, DO CHOSAINT COMHSHAOIL AGUS DON PHLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA

Is é a cuspóir faisnéis agus eolas geolaíoch a sholáthar don rialtas lárnach agus don rialtas áitiúil mar aon leis an earnáil phríobháideach i dtacaíocht a thabhairt do bhainistíocht inbhuanaithe ár gcomhshaoil agus a fhorbairt bonneagair mar a samhlaítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta agus i bpolasaithe ábhartha Rialtais.

Tá Treoir Chreat Uisce ón AE deartha lena chinntiú go mbíonn rochtain ag saoránaigh ar fud na hEorpa ar sholáthairtí leordhóthanacha uisce glan. Tacaíonn an GSI leis an gcuspóir sin trí roinnt tionscnamh, lena n-áirítear uirlisí tacaíochta cinntí a chur ar fail d'údaráis áitiúla i réimse phleanáil na húsáide talún. Cabhraíonn siad sin ina chinntiú go gcosnaítear ardchaighdeán screamhuisce.

Príomh-Tháirgeachtaí

- Soláthar seirbhísí comhairleacha cuí.
- Forbairt ar léarscáileanna téamúla, léirmhínithe d'oiriúnacht úsáid talún (i dteannta tuarascálacha mínithe) is féidir a chorprú go díreach i gcórais phleanála agus déanta cinntí sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil.
- Díreoidh ceisteanna oiriúnachta úsáid talún, lárnaithe ar chothú ár gcomhshaoil, isteach ar bhaol truaillithe do screamhuisce, ar bhaoil steirilithe acmhainní mianraí, ar bhaoil do ghnéithe oidhreachta geolaíocha agus ar bhaoil ó gheo-ghuaiseacha.

Caighdeáin

- Beidh an táirge inchosanta go heolaíoch: i dteannta táirgí comhairle agus léirmhínithe beidh tagairtí don bhunús a bhí le léirmhínithe a dhéanamh.
- Feidhmeofar tráthúlacht, costas-éifeachtúlacht, ábharthacht agus éascaíocht úsáide, mar a shainmhíníonn suirbhéanna custaiméirí.

3) ACMHAINNÍ DOMHANDA NA HÉIREANN A MHAPÁIL

Is é a cuspóir tacaíocht a thabhairt do rannpháirtíocht an GSI i leith bhainistíocht agus fhorbairt inbhuanaithe ár gcomhshaoil trí mhapáil gheolaíoch fhócasaithe agus trí thiomsú sonraí fócasaithe.

Ní rud aduain ar bith d'Éirinn athrú aeráide agus leis na 100,000 bliain atá caite bhí teochtanna laghdaithe timpeallachta ina gcúis le forbairt fhorleathan oighearmhánna agus oighearshruthanna ar fud na tíre. Foirmíodh éagsúlacht leathan sil-leaganacha dromchla i rith fhorbairt agus leá na meallta oighir sin. Nuair a bhí an leá ar siúl, foirmíodh sil-leaganacha gainimh den sórt seo.

Príomh-Tháirgeachtaí

- Léarscáileanna, tuarascálacha agus tacair sonraí de gheolaíocht bhuncharraig agus fho-ithreacha (Ceathartha) na gceantar uirbeach agus tuaithe (an doimhneas go dtí an bhuncharraig san áireamh), chomh maith le moirfeolaíocht agus geolaíocht ár limistéir fhairsinge ghrinneall na farraige.

- Léarscáileanna, tuarascálacha agus tacair sonraí a cháipéisíonn dáileadh agus cineál na n-acmhainní mianraí agus screamhuisce agus na paraiméadair a rialaíonn a saothrú éifeachtach agus a gcosaint.

Caighdeáin

- Beidh an táirge inchosanta go heolaíoch: i dteannta léirmhínithe beidh tagairtí don bhunús lenar dearnadh iad.
- Feidhmeofar tráthúlacht, costas-éifeachtúlacht, ábharthacht agus éascaíocht úsáide, mar a shainmhíníonn suirbhéanna custaiméirí.

4) TUISCINT AN PHOBAIL AR RÓL AN GSI AGUS AR RÓL NA GEOLAÍOCHTA I SOCHAÍ NA HÉIREANN A CHUR CHUN CINN

Is é a cuspóir feasacht an phobail agus an rialtais ar ról agus luach an GSI go háirithe agus ar ról agus luach na geolaíochta tríd is tríd a mhéadú

Príomh-Tháirgeachtaí

- Foilsiú agus scaipeadh táirgí agus seirbhísí oiriúnacha for-rochtana ionas go gcuirfear an pobal i gcoitinne ar an eolas faoi ghnéithe lárnacha dár dtírdhreach agus mar a úsáidimíd é. Nuair is indéanta sin déanfar é seo i gcomhar le comhpháirtithe straitéiseacha.
- Forbairt a dhéanamh ar naisc éifeachtacha le raon eagraíochtaí, lena n-áirítear iad sin in institiúidí tríú leibhéal, an rialtas lárnach agus an rialtas áitiúil, ionas go méadófar tionchar an GSI.

Caighdeáin

- Spriocdhíreofar táirgí ar an lucht sprice is leithne agus déanfar monatóireacht ar a ndíolacháin ó thaobh a ndul i gcion ar an margadh.
- Lorgfaimid aiseolas ó chustaiméirí agus ó pháirtithe leasmhara trí shuirbhéanna margaíochta agus freagróimid dá n-ábhair imní.

Bíonn deiseanna ag áitritheoirí agus ag turasóirí araon tírdhreacha iontacha na hÉireann a thaiscealadh agus taitneamh a bhaint astu. Táirgeann an GSI raon tairgí a mhéadaíonn an sásamh a bhaineann leo sin.

5) Timpeallacht oibre spreagthach agus brostaitheach lena mbaineann luaíocht a sholáthar d'fhoireann an GSI

Is é an cuspóir a chinntiú go gcuireann an GSI sásamh poist agus meanmna chun cinn, go spreagann sé eolaíocht mhaith, go misníonn sé obair fhoirne tras-fheidhmiúil agus go dtugann sé luaíocht ar fhreagracht, arr nuálacht agus ar leibhéil mhéadaithe acmhainneachta. Tá an GSI tiomanta an clár oibre comhionannais a chur i ngníomh go hiomlán. Aithnítear go gcuireann na toisí sin lena chinntiú gur eagraíocht éifeachtach é an GSI.

Príomh-Tháirgeacht

- Scrúdú rialta ar an struchtúr inmheánach, ar fhreagracht oibríochtúil agus ar chórais bainistíochta tionscadail laistigh den GSI.
- Athmheasúnú rialta ar na hacmhainní foirne agus airgeadais atá ar fáil don GSI.
- Athbhreithniú rialta ar oiliúint agus ar fhorbairt foirne sa chomhthéacs a chur ar chumas an GSI seirbhís níos éifeachtaí a sholáthar.

- Tá deiseanna do dhul chun cinn foirne struchtúrtha leis an sochar is mó a fháil ónár saineolaithe ach fós cothromaíocht a choinneáil idir gníomhaíochtaí oibríochtúla agus bainistíochta.

Caighdeáin

- Breithnithe atá le déanamh laistigh den chreat oibre Comhpháirtíochta agus den Chóras Bainistíochta Feidhmiúcháin agus Forbartha.

Tá thart ar 90% den chríoch náisiúnta faoin bhfarraige. Lena chumas mór d'acmhainní iascaigh, innealtóireachta agus fuinnimh, tá faisnéis shásúil geolaíoch riachtanach lena chinntiú go mbíonn an fhorbairt inbhuanaithe. Léiríonn an léarscáil seo fairsinge na suirbhéanna réigiúnacha a tugadh chun críche faoi dheireadh 2001.



An Fhís Straitéiseach a chur i bhFeidhm

Feidhmítear an Fhís Straitéiseach a bhfuil imlíne tugtha thuas uirthi trí Ráiteas Straitéise an GSI agus Plean Gnó bliantúil an GSI agus cuireann siad sin paraiméadair oibríochtúla na timpeallachta ina n-oibríonn an GSI san áireamh. Ar cheann de na príomh-pharaiméadair tá barrfheabhsú na n-acmhainní foirne atá ar fáil trí thosaíocht a thabhairt do spriocanna ar bhonn rialta, scileanna gach duine den fhoireann a athnuachan agus foireann a fhostú ar thréimhsí níos giorra le haghaidh a thabhairt ghanntanais i líon na bhfostaithe nó i saineolas. Is mír riachtanach eile é comhoibriú le pobail eolaíocha agus earnála poiblí, le hinstitiúidí tríú leibhéal agus leis an earnáil phríobháideach le rathúlacht a chinntiú.

Is fada an ród curtha de ag an GSI ó chuir sé a chéad léarscáileanna geolaíocha buncharraige ar fáil. Don chuid is mó den dara leath den fichiú haois dhírigh sé isteach go sainiúil ar fhorbairt acmhainní mianraí. Anois éilíonn sochaí a bhíonn ag fail níos sofaisticiúla seirbhís ilghnéitheach a thugann aghaidh ar riachtanais go leor earnálacha, lena n-áirítear an comhshaol, bonneagar, acmhainní eastóscacha, an mhuir, oidhreacht agus turasóireacht. Tá foireann an GSI in ann ag an iliomad dúshlán atá ann.

Níl monaplacht dhlíthiúil ag an GSI ar aon cheann de na seirbhísí a sholáthraíonn sé agus dá bhrí sin ní féidir leis a ról ceannródaíoch náisiúnta i seirbhísí geolaíocha a bhuanú ach amháin trí chaighdeáin agus cháilíochtaí arda a chinntiú sna réimsí seo a leanas:

- Seachadadh seirbhísí ábhartha i mbealach tráthúil, costas-éifeachtúil.
- Barrfheabhsú leanúnach ar ardchaighdeán sonraí, ar láimhsiú sonraí agus ar chórais seachadta faisnéise.
- Tiomantas d'éadáil leanúnach sonraí le sealúchas sonraí a choinneáil reatha.
- Forbairt leanúnach ar thaithí agus ar shaineolas na foirne.
- Luach agus gnóthachtáil an GSI a chur chun cinn go gníomhach.